BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

9 Deireadh Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Dlínse agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Raon feidhme – Airteagal 25 – Comhaontú dlínse – Páirtithe i gconradh atá bunaithe sa tríú Stát céanna – Dlínse a thabhairt do chúirteanna Ballstáit chun díospóidí a eascraíonn as an gconradh sin a éisteacht – Gné eachtrach – Iarmhairtí tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach)

I gCás C-540/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Handelsgericht Wien (an Chúirt Tráchtála, Vín, an Ostair), trí bhreith an 1 Lúnasa 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 8 Lúnasa 2024, sna himeachtaí

Cabris Investments Ltd

v

Revetas Capital Advisors LLP,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreitheamh an Chéad Dlísheomra, I. Ziemele, A. Kumin agus S. Gervasoni, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Revetas Capital Advisors LLP, ag B. Knötzl agus B. Ortner, Rechtsanwälte,

– an Coimisiún Eorpach, ag S. Noë agus J. Vondung, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 50(3) CAE, Airteagail 25, 68 go 70 de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1, 'Rialachán An Bhruiséil Ia'), agus Airteagail 17, 18, 55, 56 agus 66 de Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála a chinneadh (IO 1972 L 299, lch. 32), arna leasú leis na coinbhinsiúin i ndiaidh a chéile a bhaineann le haontachas na mBallstát nua leis an gcoinbhinsiún sin ('Coinbhinsiún na Bruiséile').

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir Cabris lnvestments Ltd agus Revetas Capital Advisors LLP, cuideachtaí faoi rialú dhlí Shasana, maidir le hiarratas ar shuim a íoc i gcomhlíonadh oibleagáide conarthaí arna thabhairt ag an gcéad chuideachta os comhair cúirt Ostarach.

An dlí lena mbaineann

Conradh AE

3 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 50(3) CAE:

'Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an mBallstát i dtrácht ó dháta an comhaontú um tharraingt siar a theacht i bhfeidhm nó, ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 2, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an mBallstát i dtrácht, an tréimhse sin a fhadú.'

An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

4 Foráiltear le hAirteagal 126 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO 2020 L 29, lch. 7, 'an Comhaontú um Tharraingt Siar'), a glacadh an 17 Deireadh Fómhair 2019 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020, a formheasadh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (CEFA) le Cinneadh (AE) 2020/135 an 30 Eanáir 2020 ón gComhairle (IO 2020 L 29, lch. 1):

'Beidh idirthréimhse nó tréimhse cur chun feidhme ann, a thosóidh ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a chríochnóidh an 31 Nollaig 2020.'

Coinbhinsiún na Bruiséile

5 Foráiltear in Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Bruiséile:

‘Más rud é go ndearna na páirtithe, a bhfuil sainchónaí ar pháirtí nó páirtithe díobh i Stát Conarthach, comhaontú chun dlínse a bheith ag cúirt nó ag cúirteanna de chuid Stáit Chonarthaigh aon díospóidí a réiteach a tharla nó a d’fhéadfadh tarlú i ndáil le comhbhaint dhlíthiúil áirithe, beidh dlínse eisiach ag an gcúirt nó ag na cúirteanna sin. […]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 18 den Choinbhinsiún sin:

‘Amach ó na cásanna ina bhfuil dlínse aici de bhua forálacha eile de chuid an Choinbhinsiúin seo, beidh dlínse ag cúirt de chuid Stáit Chonarthaigh a dtaifeadfaidh cosantóir láithreas os a comhair. Ní bheidh feidhm ag an riail seo más conspóid na dlínse ba chuspóir don láithreas a thaifeadadh, nó má bhíonn dlínse eisiach ag cúirt eile ann de bhua Airteagal 16.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 55 den Choinbhinsiún sin:

‘Gan dochar d’fhorálacha an dara mír d’Airteagal 54 agus d’Airteagal 56, gabhann an Coinbhinsiún seo, idir na Stáit atá páirtithe ann, ionad na gcoinbhinsiún arna dtabhairt i gcrích idir dhá Stát nó níos mó de na Stáit sin, eadhon:

[…]

– an Coinbhinsiún idir an Ríocht Aontaithe agus an Ostair le haghaidh aithint agus forghníomhú breithiúnas go frithpháirteach in ábhair shibhialta agus thráchtála arna shíniú i Vín an 14 Iúil 1961 agus an Prótacal arna shíniú i Londain an 6 Márta 1970 (“an Coinbhinsiún Angla-Ostaireach”),

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear in Airteagal 56 den Choinbhinsiún sin mar seo a leanas:

‘Leanfaidh an Conradh agus na coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagal 55 d’fheidhm a bheith leo maidir le hábhair nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo.

Leanfaidh siad d’éifeacht a bheith acu maidir le breithiúnas a tugadh agus gníomhartha a fuarthas roimh theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 66 de Choinbhinsiún na Bruiséile:

‘Tá an Coinbhinsiún seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán An Bhruiséil I

10 Tháinig Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO 2001 L 12, lch. 1, 'Rialachán An Bhruiséil I') i bhfeidhm an 1 Márta 2002 agus cuireadh in ionad Choinbhinsiún na Bruiséile idir na Ballstáit é. Rinneadh é a aisghairm agus cuireadh Rialachán An Bhruiséil Ia ina ionad, le héifeacht ón 10 Eanáir 2015.

11 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 23(1) de Rialachán An Bhruiséil Ia:

'Más rud é go ndearna na páirtithe, a bhfuil sainchónaí ar pháirtí nó páirtithe díobh i mBallstát, comhaontú chun dlínse a bheith ag cúirt nó ag cúirteanna de chuid Ballstáit aon díospóidí a réiteach a tharla nó a d'fhéadfadh tarlú i ndáil le comhbhaint dhlíthiúil áirithe, beidh dlínse eisiach ag an gcúirt nó ag na cúirteanna sin. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán An Bhruiséil Ia

12 Leagtar amach an méid seo a leanas le haithrisí 3, 13, 14, 15, 19 agus 21 de Rialachán An Bhruiséil Ia:

' (3) [...] tá bearta a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu, go háirithe nuair is gá sin d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, le glacadh ag an Aontas.

[...]

(13) Ní foláir go mbeadh nasc idir imeachtaí a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo agus críoch na mBallstát. Dá réir sin, ba cheart, i bprionsabal, go mbeadh feidhm ag comhrialacha maidir le dlínse sa chás go bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát.

(14) Maidir le cosantóir nach bhfuil sainchónaí air i mBallstát, ba cheart, go ginearálta, go mbeadh sé faoi réir na rialacha náisiúnta maidir le dlínse is infheidhme i gcríoch an Bhallstáit ina ndearnadh an t-ábhar a thabhairt os comhair cúirte ann.

Chun cosaint do thomhaltóirí agus d'fhostaithe a áirithiú, áfach, chun dlínse chúirteanna na mBallstát a chosaint i gcásanna ina bhfuil dlínse eisiach acu agus chun neamhspleáchas na bpáirtithe a urramú, ba cheart go mbeadh feidhm ag rialacha áirithe maidir le dlínse atá sa Rialachán seo ar neamhchead ar shainchónaí an chosantóra.

(15) Ba cheart na rialacha maidir le dlínse a bheith an-intuartha agus bunaithe ar an bprionsabal gur gnách gur ar shainchónaí an chosantóra a shuitear an dlínse. Ba cheart go mbeadh dlínse le fáil i gcónaí ar an bhforas sin cé is moite de dhornán cásanna arna sainiú go soiléir ina dtugann ábhar na díospóide nó neamhspleáchas na bpáirtithe údar le critéar éagsúil nasctha. [...]

[...]

(19) Ba cheart neamhspleáchas na bpáirtithe i gconradh, seachas conradh árachais, conradh tomhaltóirí nó conradh fostaíochta, ar conradh é nach bhfuil ach neamhspleáchas teoranta ceadaithe d'fhonn an chúirt ag a bhfuil dlínse a chinneadh, a urramú faoi réir na bhforas eisiach dlínse a leagtar síos sa Rialachán seo.

[...]

(21) Ar mhaithe le riaradh comhchuibhithe an cheartais, is gá an fhéidearthacht go mbeadh imeachtaí comhthráthacha ann a laghdú agus is gá a áirithiú nach ndéanfar breithiúnais atá bunoscionn lena chéile a thabhairt i mBallstáit éagsúla. [...]'

13 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 4(1) den Rialachán sin:

'Faoi réir an Rialacháin seo, déanfar an dlí a agairt ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát, is cuma cén náisiúntacht atá acu, i gcúirteanna an Bhallstáit sin.'

14 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 6(1) den Rialachán sin:

'Mura bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát, déanfar, faoi réir Airteagal 18(1), Airteagal 21(2) agus Airteagal 24 agus Airteagal 25, dlínse chúirteanna gach Ballstáit a chinneadh de réir dhlí an Bhallstáit sin.'

15 I gCaibidil II, Roinn 7, dar teideal 'Dlínse a iarchur', foráiltear le hAirteagal 25(1) den Rialachán sin:

'Más rud é go ndearna na páirtithe, ar neamhchead dá sainchónaí, comhaontú chun dlínse a bheith ag cúirt nó ag cúirteanna de chuid Ballstáit aon díospóidí a réiteach a tharla nó a d'fhéadfadh tarlú i ndáil le comhbhaint dhlíthiúil áirithe, beidh dlínse ag an gcúirt sin nó ag na cúirteanna sin, mura rud é go bhfuil an comhaontú ar neamhní ó thaobh a bailíochta substaintiúla faoi dhlí an Bhallstáit sin. Beidh an dlínse sin eisiach mura rud é go mbeidh a mhalairt comhaontaithe ag na páirtithe. [...]'

16 De réir théarmaí Airteagal 31(2) de Rialachán An Bhruiséil Ia:

'Gan dochar d'Airteagal 26, i gcás ina dtabharfar imeachtaí os comhair cúirte de chuid Ballstáit, ar cúirt í a mbronntar dlínse eisiach uirthi le comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 25, cuirfidh aon chúirt de chuid Ballstáit eile bac ar na himeachtaí go dtí go bhfógróidh an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair ar bhonn an chomhaontaithe nach bhfuil aon dlínse aici faoin gcomhaontú.'

17 Áirítear i gCaibidil VII den Rialachán sin, dar teideal 'Gaol le hIonstraimí eile', *inter alia*, Airteagail 68 go 70. Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 68 den Rialachán sin:

'1. Gabhfaidh an Rialachán seo, mar rialachán idir Ballstáit, ionad Choinbhinsiún na Bruiséile 1968, seachas maidir le críocha na mBallstát a thagann faoi raon feidhme críochach an Choinbhinsiúin sin agus a eisítear ón Rialachán seo de bhun Airteagal 355 CFAE.

2. A mhéid a ghabhann an Rialachán seo ionad fhorálacha [Choinbhinsiún na Bruiséile] idir na Ballstáit, tuigfear gur tagairt don Rialachán seo aon tagairt don Choinbhinsiún sin.'

18 Foráiltear in Airteagal 69 den Rialachán sin:

'Faoi réir Airteagal 70 agus Airteagal 71, glacfaidh an Rialachán seo, mar rialachán idir na Ballstáit, ionad na gcoinbhinsiún lena gcumhdaítear na hábhair chéanna agus na hábhair a bhfuil feidhm ag an

Rialachán seo maidir leo. Déanfar, go háirithe, ionad na gcoinbhinsiún a áirítear sa liosta arna bhunú ag an gCoimisiún [Eorpach] de bhun phointe (c) d'Airteagal 76(1) agus Airteagal 76(2) a ghabháil.'

19 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 70(1) den Rialachán sin:

'Leanfaidh na coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagal 69 d'fheidhm a bheith leo maidir le hábhair nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo.'

20 Faoi Airteagal 76(2) de Rialachán An Bhruiséil Ia, déanfaidh an Coimisiún liosta de na coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagal 69 den Rialachán sin a tharraingt suas ar bhonn na bhfógraí a gheobhaidh sé ó na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 76(1)(c). De bhun Airteagal 76(4) den Rialachán sin, foilseoidh an Coimisiún na liostaí agus aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin orthu in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

21 Ar bhonn na bhfógraí dá bhforáiltear in Airteagal 76 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún trí liosta a tharraingt suas agus a fhoilsiú (IO 2015 C 4, lch. 2), a bhfuil foclaíocht an tríú ceann ('liosta 3') mar seo a leanas:

'Is iad seo a leanas na coinbhinsiúin a cuireadh ina n-ionad dá dtagraítear in Airteagal 69 den Rialachán:

– chun críocha na hOstaire:

[...]

– [an Coinbhinsiún Angla-Ostaireach],

[...]

– chun críocha na Ríochta Aontaithe:

[...]

– [an Coinbhinsiún Angla-Ostaireach],

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

22 An 6 Bealtaine 2020, thug Cabris Investments agus Revetas Capital Advisors, cuideachtaí a bunaíodh sna Ríocht Aontaithe, conradh comhairliúcháin i gcrích, le litir chumhdaigh, ina raibh clásal dlínse ('an clásal dlínse atá i gceist'), a dréachtaíodh sna téarmaí seo a leanas:

'Tá an conradh seo agus an caidreamh idir na páirtithe faoi rialú ag dlí na hOstaire agus ní mór léiriú a dhéanamh orthu dá réir. Beidh dlínse eisiach ag Handelsgericht Wien (an Chúirt Tráchtála, Vín, an Ostair) chun díospóidí a eascraíonn as an gconradh seo nó a bhaineann leis nó a bhaineann lena chomhlíonadh nó lena bhailíocht a éisteacht.'

23 An 30 Meitheamh 2023, thug Cabris Investments caingean os comhair Handelsgericht Wien (an Chúirt Tráchtála, Vín), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag lorg ordú go n-íocfadh Revetas Capital Advisors suim EUR 360 000, móide ús mainneachtana, chun oibleagáid chonarthach íocaíochta a chomhlíonadh a eascraíonn as an gconradh sin agus a bhaineann le comhlíonadh dhualgais an stiúrthóra airgeadais.

24 Is léir ón ordú tarchuir, seachas an clásal dlínse atá i gceist, nach bhfuil aon nasc dealraitheach idir na páirtithe sna príomhimeachtaí agus Poblacht na hOstaire.

25 Chuir Revetas Capital Advisors i gcoinne dhlínse idirnáisiúnta na cúirte a rinne an tarchur, agus d'áitigh sé, ós rud é nach bhfuil Rialachán An Bhruiséil Ia infheidhme a thuilleadh maidir le caidrimh dhlíthiúla a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ó dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar an 31 Nollaig 2020 ('an idirthréimhse'), nach bhfuil Airteagal 25 den Rialachán sin, arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas an 8 Feabhra 2024, *Inkreal* (C-566/22, EU:C:2024:123), infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí. Dá bhrí sin, dar leo go bhfuil an clásal dlínse atá i gceist neamhéifeachtach agus, dá bhrí sin, ní bheadh aon dlínse idirnáisiúnta ag an gcúirt a rinne an tarchur chun an díospóid atá os a comhair a éisteacht.

26 Sa chéad áit, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur an bhfuil Airteagal 25 de Rialachán An Bhruiséil Ia agus na prionsabail a leag an Chúirt Bhreithiúnais síos ina breithiúnas an 8 Feabhra 2024, *Inkreal* (C-566/22, EU:C:2024:123), fós infheidhme i gcás comhaontú lena dtugtar dlínse a tugadh i gcrích le linn na hidirthréimhse idir dhá pháirtí a bhfuil sainchónaí orthu sa Ríocht Aontaithe agus lena n-ainmnítear cúirt Bhallstáit chun a ndíospóid a éisteacht, i gcás inar tugadh an t-ábhar os comhair na cúirte sin tar éis tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse agus nach bhfuil aon bhaint ag an gcaidreamh conarthach is bonn leis an díospóid leis an mBallstát sin. Tá an chúirt a rinne an tarchur ag claonadh i dtreo tátail a bhaint as aithrisí 13 agus 14 den Rialachán sin, as Airteagal 50(3) CAE agus as an mbreithiúnas thuasluaite go bhfuil gá le nasc den sórt sin.

27 I gcás ina dtagann an Chúirt ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Airteagal 25 de Rialachán An Bhruiséil Ia i gcás den sórt sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, sa dara háit, an bhfuil Coinbhinsiún na Bruiséile agus, go háirithe, Airteagail 17 agus 18, nó, ina éagmais, an Coinbhinsiúin Angla-Ostaireach, infheidhme. Dar leis an gcúirt sin, braitheann freagra na ceiste sin ar aisghaireadh an dá choinbhinsiún sin go cinntitheach le hAirteagail 68 agus 69 de Rialachán An Bhruiséil Ia. Measann an chúirt sin go bhfuil prionsabail an dlí idirnáisiúnta phoiblí lena rialaítear díothú conarthaí agus an fíoras go rialaítear ábhair chomhchosúla leis na hionstraimí dlí éagsúla sin i bhfabhar léiriú lena gcuirtear cosc ar infheidhmeacht na gcoinbhinsiún sin, maidir leis an gcaidreamh dlíthiúil a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

28 Sa tríú háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an ndéanann Airteagal 50(3) CAE agus Airteagal 82(1)(b)(i) de Chuid 4 den Civil Jurisdiction and Judgments (Amendment) (EU Exit) Regulations 2019 (Rialacháin 2019 maidir le Dlínse Shibhialta agus Breithiúnais (Leasú) (Brexit)), an 4 Márta 2019 (*Statutory Instruments* 2019, Uimh. 479) infheidhmeacht Choinbhinsiún na Bruiséile a eisiamh go ginearálta.

29 Sna himthosca seo, chinn Handelsgericht Wien (an Chúirt Tráchtála, Vín) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An bhfuil Airteagal 25 de [Rialachán An Bhruiséil Ia] le léiriú sa chaoi go dtagann comhaontú lena dtugtar dlínse ina gcomhaontaíonn na páirtithe conarthacha, a bhfuil sainchónaí orthu sa Ríocht Aontaithe, dá bhrí sin, a bhfuil sainchónaí orthu (anois) i dtríú Stát, go bhfuil dlínse le bheith ag cúirteanna Bhallstát an Aontais Eorpaigh maidir le díospóidí a thagann chun cinn faoin gcomhaontú sin, faoi raon feidhme na forála sin, fiú i gcás nach bhfuil aon nasc eile ag an mbunchonradh leis an mBallstát a roghnaíodh mar an áit dlínse? An bhfuil feidhm ag na bunphrionsabail a leagtar síos i [mBreithiúnas an 8 Feabhra 2024, *Inkreal* (C-566/22, EU:C:2024:123)] ar an mbealach céanna i gcás ina dtiteann dáta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe lena dtugtar dlínse idir dhá pháirtí a bhfuil sainchónaí orthu sa Ríocht Aontaithe laistigh den tréimhse roimh dheireadh na hidirthréimhse le haghaidh Brexit an 31 Nollaig 2020, ach nár tionscnaíodh aon chaingean go dtí gur tugadh Brexit isteach? Cuirtear san áireamh leis an méid sin an chaoi nach bhfuil aon nasc eile idir na páirtithe chonarthacha sin, atá ina náisiúnaigh tríú Stát anois, agus an Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh a roghnaíodh (féach, mar sin féin, aithrisí 13 agus 14 de [den Rialachán sin]) agus, ina theannta sin, go n-eisiatar le hAirteagal 50(3) CAE [ar bhealach ginearálta] [...] infheidhmeacht dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndiaidh Brexit[?]

Má dhiúltaíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh do chur i bhfeidhm Airteagal 25 de Rialachán An Bhruiséil I[a] maidir leis an gcás atá faoi cheist, tagann na ceisteanna breise seo a leanas chun cinn:

(2) An bhfuil Airteagal 68 de Rialachán An Bhruiséil I[a] le léiriú sa chaoi go bhfuil [Coinbhinsiún An Bhruiséil] aisghairthe go cinntitheach leis – lena n-áirítear in imeachtaí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe (agus Brexit á chur san áireamh) – ionas nach féidir le Ballstát de chuid an Aontais dul i muinín ar an gCoinbhinsiún sin a thuilleadh?

(3) An bhfuil Airteagal 69 de Rialachán An Bhruiséil I[a], sa leagan de “Liosta 3”, agus an 13ú fleasc d’Airteagal 55 de Choinbhinsiún na Bruiséile le léiriú sa chaoi go ndearnadh an [Coinbhinsiún Angla-Ostaireach] maidir leis an Ríocht Aontaithe (agus Brexit á chur san áireamh) ionas nach féidir dul i muinín ar Choinbhinsiún idirnáisiúnta [...] sin a thuilleadh? Cuirtear san áireamh leis sin an chaoi go gcoinnítear leis na Coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagal 69 de [Rialachán An Bhruiséil Ia] a mbailíocht i ndáil le hábhair nach bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir leo, i gcomhréir leis an Rialachán [sin]. Dá bhrí sin, an féidir, faoi Airteagal 70(1) [den Rialachán céanna], maidir leis an Ríocht Aontaithe, conradh idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích le Poblacht na hOstaire agus ar dearbhaíodh cheana gur “forshuíomhadh” é leis an dlí príomha roimhe seo a dhearbhú a bheith infheidhme go haisghníomhach arís idir na Stáit sin tar éis “Brexit” (“[athbheochan conartha]”)?

Má tá, an mbeadh feidhm ag “[athbheochan]” den sórt sin freisin laistigh de raon feidhme Airteagal 56 de Choinbhinsiún na Bruiséile, atá cosúil lena chéile ina leith sin?

4) An bhfuil Airteagal 50(3) CAE le léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis le cur chun feidhme nó le “[hathbheochan]”Airteagail 17 agus 18 de Choinbhinsiún na Bruiséile maidir leis an Ríocht Aontaithe (agus Brexit á chur san áireamh) más rud é, in imeachtaí arna dtionscnamh san Ostair, go bhfuil díospóid ann idir beirt dhlíthithe a bhfuil sainchónaí orthu sa Ríocht Aontaithe a chomhaontaigh, ina gconradh – a tugadh i gcrích an 6 Bealtaine 2020– dlínse

eisiach Chúirt Tráchtála na hOstaire, Vín? An bhfuil tosaíocht ag an riail in Airteagal 50(3) CAE ar Airteagal 66 de Choinbhinsiún na Bruiséile, ar dá réir a bheidh feidhm ag Coinbhinsiún na Bruiséile “ar feadh tréimhse éiginnte”?

5) [a)] Dá gcinnfeadh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, de réir bhrí Cheisteanna 2 go 4 thuas, go bhfuil tosaíocht ag cur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Bruiséile, lena n-áirítear maidir leis an Ríocht Aontaithe, ardaítear an cheist seo a leanas: An gcuirtear bac le tosaíocht bhunúsach Choinbhinsiún na Bruiséile socrú sa Ríocht Aontaithe ar dá réir a bhfuil an fhéidearthacht dul i muinín ar Choinbhinsiún na Bruiséile eisiata go sainráite maidir leis na comhaontuithe lena dtugtar dlínse a tugadh i gcrích sular tháinig Brexit i bhfeidhm (féach riail na Ríochta Aontaithe atá i bhfeidhm go dtí an 29 Feabhra 2024, atá fós infheidhme go follasach anseo – mar thoradh ar chaingean a thabhairt an 30 Meitheamh 2023 – faoi Roinn 82(1)(a). [b] [i] de ‘Rialacháin 4-25 maidir le Dlínse Shibhialta agus Breithiúnais [leasuithe etc.] Rialacháin [Imeacht ón Aontas] 2019 [Sl 2019/479]’?

[(b)] Mura gcuirtear bac ar an méid sin, agus grinnscrúdú á dhéanamh ar bhailíocht comhaontaithe lena dtugtar dlínse arna thabhairt i gcrích an 6 Bealtaine 2020 (i.e. roimh Brexit) idir dhá chuideachta ón mBreatain, le rogha maidir le fóram Ostarach, an bhfuil cúirt san Ostair faoi cheangal maidir le heisiamh ó raon feidhme Choinbhinsiún na Bruiséile – arna caighdeánú sa Ríocht Aontaithe – de bhun roinn 82(1)(b)(i) de Choinbhinsiún na Bruiséile de Rialacháin 4-25 maidir le Dlínse Shibhialta agus Breithiúnais (leasuithe etc.) Rialacháin (Imeacht ón Aontas) 2019 (Sl 2019/479), go háirithe de bharr tosaíocht dhlí an Aontais, ar fhorfheidhmiú éifeachtach sa Ríocht Aontaithe. (Glactar, leis an gceist dheireanach, chun críche cheist 3), le dul in éag an [Choinbhinsiúin Angla-Ostaireach]?’

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

30 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 25(1) de Rialachán An Bhruiséil Ia le léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an bhforáil sin cás ina n-aontaíonn dhá pháirtí i gconradh a bhfuil sainchónaí orthu sa Ríocht Aontaithe, trí chomhaontú lena dtugtar dlínse arna thabhairt i gcrích le linn na hidirthréimhse dá bhforáiltear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, do dhlínse cúirte Ballstáit chun díospóidí a eascraíonn as an gconradh sin a éisteacht, i gcás ina dtugtar díospóid idir na páirtithe sin os comhair na cúirte sin tar éis dheireadh na tréimhse sin.

31 Mar réamhphointe, ní mór a mheabhrú, ós rud é go bhfuil clásal dlínse, mar gheall ar a chineál, ina rogha dlínse nach bhfuil aon éifeacht dhlíthiúil aige go dtí go dtionscnaítear imeachtaí dlí agus nach bhfuil iarmhairtí go dtí an lá a thionscnaítear an chaingean dlí, nach mór clásal den sórt sin a mheasúnú ar an dáta a thionscnaítear an chaingean dlí (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Samhain 1979, *Sanicentral*, 25/79, EU:C:1979:255, mír 6, agus an 24 Samhain 2022, *Tilman*, C-358/21, EU:C:2022:923, mír 30).

32 Dá bhrí sin, chun an cheist a tarchuireadh a fhreagairt, is gá a chinneadh an dtagann díospóid idir dhá pháirtí i gconradh a bhfuil sainchónaí orthu sa tríú Stát, amhail an Ríocht Aontaithe ón 1 Feabhra 2020, agus a d’ainmnigh cúirt Bhallstáit chun an díospóid sin a éisteacht, faoi raon feidhme Rialachán An Bhruiséil Ia agus Airteagal 25(1).

33 De réir cásdlí socair, d'fhonn foráil de dhlí an Aontais a léiriú, cuirfear san áireamh ní hamháin foclaíocht na forála sin, ach freisin a comhthéacs agus na cuspóirí agus an chríoch a shaothraítear leis an ngníomh ar cuid de í (féach breithiúnais an 17 Samhain 1983, *Merck*, 292/82, EU:C:1983:335, mír 12, agus an 8 Feabhra 2024, *Inkreal*, C-566/22, EU:C:2024:123, mír 15 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Sa chéad áit, maidir leis an bhfoclaíocht, i gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 25(1) de Rialachán An Bhrúiséil Ia, más rud é go ndearna na páirtithe, ar neamhchead dá sainchónaí, comhaontú chun dlínse a bheith ag cúirt nó ag cúirteanna de chuid Ballstáit aon díospóidí a réiteach a tharla nó a d'fhéadfadh tarlú i ndáil le comhbhaint dhlíthiúil áirithe, beidh dlínse ag an gcúirt sin nó ag na cúirteanna sin, mura rud é go bhfuil an comhaontú ar neamhní ó thaobh a bailíochta substaintiúla faoi dhlí an Bhallstáit sin.

35 Dá bhrí sin, is léir ó fhoclaíocht na forála sin go bhfuil feidhm ag an riail a leagtar síos léi gan aird a thabhairt ar shainchónaí na bpáirtithe. Go sonrach, níl cur i bhfeidhm na rialach sin faoi réir aon choinníoll a bhaineann le sainchónaí na bpáirtithe, nó ceann amháin acu, a shuíomh i gcríoch Bhallstáit.

36 Sa dara háit, maidir le comhthéacs Airteagal 25(1) de Rialachán An Bhruiséil Ia, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an fhoráil seo difriúil ón gceann a tháinig roimpi, eadhon Airteagal 23(1) de Rialachán An Bhruiséil I, a cheangail, chun riail na dlínse atá bunaithe ar chomhaontú lena dtugtar dlínse a chur i bhfeidhm, go mbeadh sainchónaí páirtí amháin nó níos mó acu sa chomhaontú sin i gcríoch Bhallstáit.

37 Ar an dara dul síos, ba cheart a mheabhrú gur córas inmheánach don Aontas é an córas dlínse a bhunaítear le Rialachán An Bhrúiséil 1a, agus a chuspóirí féin á saothrú aige amhail feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus bunú limistéir saoirse, slándála agus ceartais, mar is léir ó aithris 3 den Rialachán sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Feabhra 2025, *BSH Hausgeräte*, C-339/22, EU:C:2025:108, mír 55). Luaitear in aithris 13 den Rialachán sin freisin nach 'foláir go mbeadh nasc idir imeachtaí a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo agus críoch na mBallstát' agus 'dá réir sin, ba cheart, i bprionsabal, go mbeadh feidhm ag comhrialacha maidir le dlínse sa chás go bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát'. Foráiltear le haithris 14 den Rialachán sin, áfach, 'chun neamhspleáchas na bpáirtithe a urramú, ba cheart go mbeadh feidhm ag rialacha áirithe maidir le dlínse a leagtar síos sa Rialachán seo ar neamhchead ar shainchónaí an chosantóra'.

38 Chuige sin, murab ionann agus an riail a leagtar síos in Airteagal 4(1) de Rialachán An Bhruiséil Ia, arna léamh i bhfianaise aithris 13, ar dá réir a chinntear dlínse le prionsabal ginearálta fhóram an chosantóra nuair atá sainchónaí air i mBallstát, foráiltear le hAirteagal 6(1) den Rialachán sin, arna léamh i bhfianaise aithris 14, go rialaítear an dlínse, i ngach Ballstát, mura bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i gcríoch Bhallstáit, le dlí an Bhallstáit sin, faoi réir chur i bhfeidhm forálacha áirithe den Rialachán sin, lena n-áirítear Airteagal 25.

39 Dá bhrí sin, is léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 6(1) de Rialachán An Bhruiséil Ia agus ar Airteagal 25(1) de go rialaítear cás nach bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát ach inar chomhaontaigh na páirtithe conarthacha ar chúirt nó ar chúirteanna de chuid Ballstáit chun a ndíospóidí conarthacha a éisteacht le riail dlínse a eascraíonn as comhaontú lena dtugtar dlínse, a leagtar amach in Airteagal 25(1), agus ní le rialacha dlínse dhlí gach Ballstáit dá dtagraítear in

Airteagal 6(1). Dá bhrí sin, deimhníonn sé an léamh litriúil a eascraíonn as mír 35 den bhreithiúnas seo, ar dá réir atá feidhm ag Airteagal 25(1) fiú nuair atá sainchónaí ar na páirtithe uile sa díospóid i dtríú Stát.

40 Ar an tríú dul síos, de réir chásdlí na Cúirte, chun teacht faoi raon feidhme Rialachán An Bhruiséil Ia, ní mór gné eachtrach a bheith ag baint leis an gcás atá i gceist. D'fhéadfadh an ghné eachtrach a bheith mar thoradh ar shuíomh shainchónaí an chosantóra i gcríoch Bhallstáit seachas Ballstát na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair agus as tosca eile a bhaineann, go háirithe, le substaint na díospóide, agus a d'fhéadfadh a bheith i dtríú Stát fiú. D'fhéadfadh cás den sórt sin ceisteanna a ardú maidir le dlínse na gcúirteanna san ord idirnáisiúnta a chinneadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Márta 2005, *Owusu*, C-281/02, EU:C:2005:120, mír 26; an 8 Meán Fómhair 2022, *IRnova*, C-399/21, EU:C:2022:648, mír 28; an 29 Iúil 2024, *FTI Touristik (Gné eachtrach)*, C-774/22, EU:C:2024:646, míreanna 26, 28 agus 29, agus an 25 Feabhra 2025, *BSH Hausgeräte*, C-339/22, EU:C:2025:108, míreanna 59 agus 60).

41 Ina theannta sin, shonraigh an Chúirt cheana féin go bhfuil gné eachtrach ag baint le cás ina gcomhaontaíonn na páirtithe i gconradh atá bunaithe sa Bhallstát céanna go mbeidh dlínse ag cúirteanna Ballstáit eile díospóidí a eascraíonn as an gconradh sin a éisteacht, fiú mura bhfuil aon nasc eile ag an gconradh sin leis an mBallstát eile sin. I gcás den sórt sin, léiríonn comhaontú a bheith ann lena dtugtar dlínse do chúirteanna Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil na páirtithe conarthacha bunaithe, ann féin, cineál idirnáisiúnta na staide atá i gceist (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Feabhra 2024, *Inkreal*, C-566/22, EU:C:2024:123, míreanna 25 agus 39).

42 Ní mór a mheas, de réir analach leis an réiteach arna ghlacadh ag an gCúirt ina cásdlí dá dtagraítear i míreanna 40 agus 41 den bhreithiúnas seo, go n-ardaíonn comhaontú a thugann dlínse do chúirteanna Ballstáit, nuair atá sainchónaí ar na páirtithe conarthacha i dtríú Stát, ceist maidir le dlínse na gcúirteanna san ord idirnáisiúnta a chinneadh agus, dá bhrí sin, go bhfuil an ghné idirnáisiúnta ann atá de dhíth ag cás den sórt sin de réir bhrí an chásdlí sin.

43 Sa tríú háit, tacaítear le léiriú den sórt sin leis na cuspóirí a shaothraítear le hAirteagal 25 de Rialachán An Bhruiséil Ia, eadhon neamhspleáchas na bpáirtithe a urramú agus éifeachtacht na gcomhaontuithe maidir le rogha eisiach chúirte a threisiú, dá dtagraítear in aithrisí 15, 19 agus 22 den Rialachán sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Feabhra 2024, *Inkreal*, C-566/22, EU:C:2024:123, mír 26).

44 Tá sé comhsheasmhach freisin le cuspóir Rialachán An Bhruiséil Ia, arb é is aidhm dó rialacha maidir le coinbhleacht dlínse in ábhair shibhialta agus thráchtála a aontú trí bhíthin rialacha dlínse atá an-intuartha agus, ar an gcaoi sin, lena saothraítear cuspóir deimhneachta dlíthiúla. Cuidíonn an fhéidearthacht atá ag na páirtithe i gconradh atá bunaithe sa tríú Stát céanna teacht ar chomhaontú maidir le dlínse cúirteanna Ballstáit lena áirithiú go bhfuil an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcúirt ar féidir leis caingean a thabhairt os a comhair agus go bhforálann an cosantóir don chúirt a bhféadfar é a agairt os a comhair. Sa chomhthéacs sin, ceanglaítear le cuspóir na deimhneachta dlíthiúla nach mór don chúirt náisiúnta atá ag éisteacht leis an gcás a bheith in ann rialú go héasca ar a dlínse féin, gan oibleagáid a bheith uirthi substaint an cháis a scrúdú (féach, de réir analaí, breithiúnas an 29 Iúil 2024, *FTI Touristik (Gné eachtrach)*, C-774/22, EU:C:2024:646, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Cuidíonn cur i bhfeidhm rialacha comhchuibhithe Airteagal 25 de Rialachán An Bhruiséil Ia freisin le cosc a chur, ar chríoch na mBallstát, ar choinbhleachtaí dlínse a dhéanfadh dochar do dheimhneacht dhlíthiúil a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá mbeadh an staid atá i gceist á rialú ag

rialacha náisiúnta dhlí idirnáisiúnta príobháideach na mBallstát. Thairis sin, le cur i bhfeidhm na rialacha comhchuibhithe sin, laghdaítear an fhéidearthacht go mbeadh imeachtaí comhthráthacha ann agus seachnaítear breithiúnais neamhréireacha a thabhairt i mBallstáit éagsúla, mar aon leis an gcuspóir maidir le riaradh comhchuibhithe an cheartais, dá dtagraítear in aithris 21 den Rialachán sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Feabhra 2024, *Inkreal*, C-566/22, EU:C:2024:123, mír 30).

46 Dá bhrí sin, tagann díospóid, amhail an díospóid atá i gceist sna príomhimeachtaí, idir dhá pháirtí chonarthacha a bhfuil sainchónaí orthu i dtríú Stát a d'ainmnigh cúirt de chuid Ballstáit chun a ndíospóidí conarthacha a éisteacht faoi raon feidhme Rialachán An Bhrúiséil Ia agus Airteagal 25(1).

47 Ní dócha go modhnóidh an fíoras gur tugadh an comhaontú lena dtugtar dlínse ainmnithe ag na páirtithe i gconradh, a bhfuil sainchónaí orthu sa Ríocht Aontaithe, tar éis cúirt de chuid Ballstáit a ainmniú, sa chás seo, chun a ndíospóidí a éisteacht i gcríoch le linn na hidirthréimhse agus go dtugtar díospóid os comhair na cúirte sin tar éis dheireadh na tréimhse sin, an freagra atá le tabhairt ar an gceist seo.

48 Ní hamháin nach rialaítear cás den sórt sin leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, ach leanann sé ón réasúnaíocht a leagtar amach i míreanna 31 go 46 den bhreithiúnas seo, d'ainneoin na háite a bhfuil sainchónaí ar na páirtithe i ndíospóid i dtríú Stát, amhail an Ríocht Aontaithe ón 1 Feabhra 2020, go dtagann an díospóid sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme Rialachán An Bhrúiséil Ia agus Airteagal 25(1).

49 I bhfianaise an mhéid ar fad roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 25(1) de Rialachán An Bhrúiséil Ia a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an bhforáil sin cás ina gcomhaontaíonn dhá pháirtí i gconradh a bhfuil sainchónaí orthu sa Ríocht Aontaithe, trí chomhaontú lena dtugtar dlínse arna thabhairt i gcrích le linn na hidirthréimhse, go mbeidh dlínse ag cúirt Bhallstáit díospóidí a eascraíonn as an gconradh sin a éisteacht, fiú má tugadh díospóid idir na páirtithe sin os a comhair tar éis dheireadh na tréimhse sin.

An dara go dtí an cúigiú ceist

50 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an gcéad cheist go dtagann cás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme Rialachán An Bhrúiséil Ia agus Airteagal 25(1), ní gá an dara ceist go dtí an cúigiú ceist a fhreagairt a thuilleadh.

Costais

51 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 25(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cumhdaítear leis an bhforáil sin cás ina gcomhaontaíonn dhá pháirtí i gconradh a bhfuil sainchónaí orthu sa Ríocht Aontaithe, trí chomhaontú lena dtugtar dlínse arna thabhairt i gcrích le linn na hidirthréimhse dá bhforáiltear leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, go mbeidh dlínse ag cúirt Bhallstáit díospóidí a eascraíonn as an gconradh sin a éisteacht, fiú má tugadh díospóid idir na páirtithe sin os a comhair tar éis dheireadh na tréimhse sin.

[Sínithe]